COIMRIÚ FEIDHMIÚCHÁIN

- Is éard atá sa Tuarascáil seo ná torthaí an taighde a rinne an tIonad Taighde Leanaí thar ceann Ghrúpa Oibre Comhairlí Mac Léinn i Scoileanna Dara Leibhéil. Ba í an Oifig Náisiúnta Leanaí a bhunaigh an grúpa oibre seo agus a chuir an t-airgead ar fáil chun an taighde a dhéanamh.
- Rinneadh an taighde ina dhá chuid. Rinneadh taighde ar dtús ag iarraidh a fháil amach cad é dearcadh na bpáirtithe leasmhara faoi na constaicí atá le sárú chun comhairlí mac léinn a bhunú agus a chur ag feidhmiú in Éirinn, agus cén chabhair nó tacaíocht a mheasann siad atá ann dóibh. Sa dara chuid den taighde rinneadh cur síos ar trí "Shamhail Dea-Chleachtais de Chomhairlí Mac Léinn" a bhféadfaí aithris a dhéanamh orthu.
- Tá na torthaí bunaithe ar thaighde a rinneadh in aon scoil déag sa chéad chuid den obair agus i dtrí scoil sa dara chuid. Cuireadh agallaimh ar bun le grúpaí fócais agus le daone aonair. Bhí cuid de na mic léinn ina mbaill de chomhairlí mac léinn agus bhí cuid acu nach raibh. Cuireadh múinteoirí, Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta (tuismitheoirí ina measc) faoi agallamh. Ghlac 382 duine ar fad páirt sa staidéar seo.

01

CÉN RÓL ATÁ AG COMHAIRLE MAC LÉINN?

- Is léir nach raibh grúpaí éagsúla sna scoileanna ar aon intinn faoi ról chomhairlí mac léinn. Is iomaí dearcadh difriúil a bhí acu faoin scéal agus ba mhór an dúshlán é seo do bhaill na gcomhairlí.
- Mheas na Boird Bainistíochta agus bainistíocht shinsearach na scoileanna go mba ról comhairleach an ról ba mhó a bheadh ag na comhairlí. Bhí dearcadh soiléir ag lucht bainistíochta faoi na hábhair ar mhaith leo dul i gcomhairle leis na mic léinn fúthu. Thairis sin, mheasadar go raibh na comhairlí ina bhfoinsí úsáideacha eolais agus go mba acmhainn úsáideach iad. Mheas an lucht bainistíochta go mba bhealach áisiúil iad na comhairlí le cumarsáid níos fearr a chothú idir fhoireann na scoile agus na mic léinn, agus go bhféadfaí leas a bhaint astu maidir le himeachtaí a eagrú agus a rith. Mheas siad freisin gur chuir na comhairlí deiseanna oideachasúla ar fáil do mhic léinn agus go mba chabhair iad nasc níos leithne a dhéanamh leis an bpobal.
- Dearcadh eile ar fad a bhí ag na mic léinn. Chreideadar go raibh ról gníomhach acu chun áit níos fearr a dhéanamh den scoil. Bhí liostaí ag mic léinn shóisearacha de na rudaí tábhachtacha a mheasadar gur chóir dá gcomhairle a dhéanamh. Shíl mic léinn shinsearacha gur chóir don chomhairle polasaithe agus rialacha a úsáid le dul i gcion ar chinntí na bainistíochta.
- Chreid baill na gcomhairlí féin go raibh ról gníomhach acu. Labhair siad faoin dualgas a bhí orthu a thabhairt le fios cén dearcadh a bhí ag na mic léinn ar ábhair éagsúla, athruithe a dhéanamh maidir leis an éide scoile agus an bia sa cheaintín, rudaí a shocrú, dul i ngleic le ceisteanna éagsúla, fadhbanna a réiteach, cabhrú le mic léinn, imeachtaí a eagrú srl. Ba iad na comhairlí nua ba mhó a raibh an dearcadh seo acu.

TORTHAÍ GINEARÁLTA

- Ba é an rud ba shuntasaí a fuarthas amach ó bheith ag caint le Boird Bainistíochta ná a laghad a bhí ar eolas acu faoi na comhairlí ina scoileanna féin. Ba léir freisin nach raibh

a fhios ag a lán múinteoirí go raibh comhairlí mac léinn acu ar chor ar bith. Dúirt formhór na múinteoirí sna scoileanna sin a raibh comhairle fíorghníomhach acu go raibh dearcadh fabhrach acu ina leith agus gur thugadar gach tacaíocht dóibh.

- Drochmheas a bhí ag formhór na mac léinn ar a gcomhairlí agus ba bheag tacaíocht a thug siad dóibh de ghnáth. Bhí a fhios seo ag baill na gcomhairlí agus chuir sé as go mór dóibh. Mheas formhór na mac léinn agus baill na gcomhairlí nach raibh ionadaíocht chothrom á thabhairt do mhic léinn shóisearacha ar na comhairlí. Chreid siad gur ghá go mbeadh cumarsáid níos fearr acu leis na mic léinn le fail amach cén dearcadh a bhí acu ar rudaí éagsúla agus chun go bhféadfaí aiseolas a chur ar fáil. Mheasadar go mbeadh caidreamh níos fearr acu leis na mic léinn dá mbeadh stádas níos airde ag an gcomhairle sa scoil.
- Tionscnamh mór é comhairle mac léinn a bhunú agus ní mór don mhúinteoir a bhfuil sé de chúram air é seo a dhéanamh mórchuid ama a chaitheamh leis. Ba iad seo a leanas na príomhdhúshláin a bhain le comhairle a bhunú: A mhíniú do gach éinne sa scoil cad is comhairle mac léinn ann, mic léinn a mbeadh spéis acu inti a earcú, ról na comhairle a shoiléiriú do bhaill nua agus an bealach a fheidhmeoidh sí ó lá go lá a mhíniú dóibh. I gcás na mac léinn sna trí scoil ina raibh comhairlí á mbunú iontu, ghlac siad leis go mbeadh deacrachtaí acu leis na múinteoirí agus le lucht bainistíochta.
- Glacadh leis gur rud tábhachtach é traenáil a chur ar fáil chun go mbeadh an chomhairle in ann gníomhú go maith. Glacadh leis freisin gur chóir go gcuirfí é seo ar fáil sula leagfaí síos na rialacha maidir le gníomhú na comhairle. Ar an mbealach seo bheadh páirt ag an gcomhairle féin sa phróiseas.
- Tarraingíodh anuas roinnt ceisteanna maidir le gníomhú inmheánach na comhairle a mbeadh tionchar acu ar a fheabhas a fheidhmeodh sí. Ina measc seo bhí ceisteanna maidir le comhdhéanamh na comhairle féin, a méid agus an mbeadh ionadaíocht ar bith ag na mic léinn shóisearacha uirthi. I measc na gceisteanna eile bhí ceisteanna maidir le hacmhainní, dílseacht na mball don chomhairle, bealaí le díograis agus leanúnachas a choinneáil beo, easpa scileanna i measc ball na comhairle, an baol nach dtuigfeadh na baill go raibh cumhachtaí á thabhairt dóibh, agus an brú a bhí ar mhic léinn shinsearacha agus ar cheannairí.
- Dúradh go raibh an córas toghcháin an-tábhachtach. Ba iad comhairlí ab éifeachtúla na cinn sin inar thogh na mic léinn féin baill na comhairle ach a raibh tionchar éigin ag na múinteoirí i gcás roghnú na gceannairí. Sna cásanna sin ba léir go raibh tacaíocht na foirne teagaisc agus na mac léinn ag baill na gcomhairlí. Bhí na baill níos dílse don chomhairle má léirigh na daoine a ainmníodh a spéis sa chomhairle roimh ré agus nuair ba léir go raibh an córas toghcháin cothrom cóir.
- Cíoradh ceist ionadaíochta na mac léinn sóisearacha ar na comhairlí go mion minic. Bheartaigh roinnt maith scoileanna gan ligean do mhic léinn céad bliana nó dara bliana a bheith ina mbaill den chomhairle ach go labhródh mic léinn shinsearacha thar a gceann. Ba í tuairim na ndaltaí sóisearacha sna scoileanna seo nach raibh ionadaíocht ar bith acu, nach raibh meas ar bith ag éinne ar a gcuid tuairimí, is nár cuireadh an dearcadh a bhí acu san áireamh ar chor ar bith.
- Ba léir go raibh teannas éigin le sonrú sna scoileanna sin a raibh córas maorach acu agus comhairle mac léinn freisin. Ní léir i gcónaí cén ról a bhí ag an dá ghrúpa ná an bhaint a bhí ag an dá dhream le chéile.
- Chreid mórchuid mac léinn agus baill na gcomhairlí go raibh dearcadh na foirne teagaisc agus go mór mór dearcadh an phríomhoide ina constaic acu agus iad ag iarraidh tionscnaimh a chur i gcrích. B'iomaí fáth a mheas siad an scéal a bheith mar sin, ina measc luadh an chaoi nár leagadh síos go cruinn cén ról a bhí ag an gcomhairle agus an stádas íseal a bhí aici sa scoil. Bhí roinnt moltaí acu chun feabhas a chur ar an gcaidreamh a bhí acu leis an bhfoireann teagaisc agus leis an mbainistíocht, mar shampla, mhol siad go labhróidís go díreach le chéile.

- Chreid a lán de na mic léinn go raibh an cumarsáid leis an mBord Bainistíochta tábhachtach. Bhí dearcadh éagsúla ag Boird Bainistíochta agus Boird Gobharnóirí faoi cheist mhic léinn a bheith ina mbaill de na boird. Bhí formhór na bPríomhoidí sásta labhairt faoin scéal ach pointí áirithe a chur san áireamh. Bhí an-éagsúlacht tuairimí ag múinteoirí ar an ábhar, go mór mór ós rud é nach bhfuil ionadaíocht acu féin ar chuid de na Boird Bainistíochta.

BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE COMHAIRLE MAC LÉINN

- In ainneoin na ndúshlán go léir a bhaineann le feidhmiú comhairle mac léinn, dúradh go raibh a lán buntáistí ann de thoradh a leithéid de chomhairle a bheith sa scoil. Bhain siad seo le hatmaisféar dearfa a chothú sa scoil agus timpeallacht chomhbhách a chur ar fáil a thabharfadh tacaíocht do chách is nach ndéanfadh éinne a fhágáil amach. Lena chois sin thug sí seans do mhic léinn páirt a ghlacadh in eagraíocht scoile. Bhí an tuairim ann i gcuid de na scoileanna go raibh dea-thionchar ag an rannpháirtíocht seo ar cheisteanna ar nós disciplín, bulaíocht agus an caidreamh idir na mic léinn agus na múinteoirí. Dúradh freisin gur chuir comhairlí mac léinn deiseanna oideachasúla ar fáil do mhic léinn agus gur chuir siad timpeallacht idirghníomhach foghlama ar fáil. Bhí na mic léinn in ann a scileanna cumarsáide agus ceannaireachta a fhorbairt agus dul i dtaithí ar bheith freagrach as rudaí agus cuntas a thabhairt orthu. Lena chois sin mheas bainistíocht na scoileanna, na múinteoirí agus na mac léinn i gcoitinne go mba áiseanna luachmhara iad na comhairlí.

MOLTAÍ DO SCOILEANNA

- Tá dhá rud ag teastáil chun go mbeadh rath ar obair na comhairle i scoil ar bith:
  - Caithfidh an fhoireann teagaisc agus na mic léinn araon a bheith cinnte cén t-údarás atá ag an gcomhairle, cad é a seasamh sa scoil agus cén gnáthchleachtas a bheidh aici.
  - Éiteas uile na scoile – caithfear ardstádas a thabhairt do chomhairle na mac léinn. Caithfidh córas cinnte a bheith ann maidir le toghcháin a reáchtáil, agus ní mór go mbeadh modhanna cumarsáide ann idir an chomhairle agus na mic léinn, leis an bhfoireann teagaisc, leis na tuismitheoirí agus leis an mBord Bainistíochta.
- Dúirt baill na gcomhairlí go bhfuair siad an tacaíocht ba mhó ón múinteoir idirchaidrimh, ón mbainistíocht, ón bhfoireann teagaisc agus ó na mic léinn. Caithfidh sé a bheith soiléir do chách go bhfuil comhairle mac léinn sa scoil. Caithfidh baill na comhairle a thuiscint go bhfuil meas ag daoine orthu, agus go bhfuil obair thábhachtach á dhéanamh acu i saol laethúil na scoile. Tá sé ríthábhachtach go bhfeicfear gur éirigh leis an gcomhairle rud éigin dearfa a dhéanamh go luath i ndiaidh a bunaithe. Caithfear cabhrú leis na comhairlí spriocanna réalacha inaimsithe a leagadh amach a chuirfidh feabhas ar an scoil agus a thabharfaidh breis muiníne don chomhairle féin.
- Caithfear stádas níos airde a thabhairt don chomhairle i saol na scoile má tá sí chun tacaíocht a fháil ó na mic léinn agus ón bhfoireann teagaisc. Caithfidh an bhainistíocht cuidiú leis an gcomhairle cur leis an stádas seo trí chead a thabhairt dóibh cláir fógraí a bheith acu a bheadh dírithe ar mhic léinn agus ar an bhfoireann, bosca moltaí a chur ar fáil, leathanach a bheith acu in iris na scoile, suíomh idirlín a bheith acu, srl.
- Tá sé fíorthábhachtach gurb ionadaithe daltaí uile na scoile iad baill na gcomhairlí. Má tharlaíonn sé go bhfuil an chomhairle rómhór toisc go bhfuil ionadaithe ó gach rang uirthi, is féidir smaoineamh ar chóras eile. Mar shampla, d'fhéadfadh an chomhairle coiste feidhmiúcháin a cheapadh nó d'fhéadfaí comhairle shóisearach agus comhairle shinsearach a bheith sa scoil.
- Bealach tábhachtach é an próiseas toghcháin le tabhairt le fios don fhoireann teagaisc agus do na mic léinn go bhfuil comhairle acu sa scoil. Caithfidh gach éinne a fheiceáil go dtugann an córas toghcháin cothrom na féinne do chách agus go bhfuil sé daonlathach.
- Ní chóir gurbh iad na príomhoidí a leagfadh amach cláir oibre na gcomhairlí. Caithfear cabhair a thabhairt do na comhairlí cláir a cheapadh a bheidh bunaithe ar smaointe agus ar riachtanais na mac léinn agus ar cheisteanna maidir le polasaithe na scoile.

- Caithfidh na mic léinn agus bainistíocht na scoile socrú eatarthu féin cad é ról na comhairle agus caithfear é seo a scríobh síos go soiléir i mBunreacht Chomhairle Mac Léinn. Caithfear a scríobh síos go soiléir cén struchtúr a bheidh ag an gcomhairle, cén córas toghcháin a bheidh ann, an leagan amach a bheidh ar na cruinnithe, an córas cumarsáide a bheidh ann agus an próiseas chun ball den chomhairle a bhriseadh óna phost. Caithfear cloí go daingean leis na socruithe seo.
- Caithfear am faoi leith a chur ar fáil go rialta chun go mbeidh cruinnithe ag an gcomhairle. Caithfear am a thabhairt do bhaill na comhairle fáil amach cad é dearcadh na mac léinn faoi cheisteanna éagsúla, agus le cuntas a thabhairt dóibh faoina bhfuil ar siúl ag an gcomhairle agus an dul chun cinn atá á dhéanamh acu.
- Is rud rí-thabhachtach é go gcuirfí córas cumarsáide soiléir ar fáil má tá comhairle le bheith éifeachtach. Caithfear na modhanna córasacha cumarsáide a shocrú chun go mbeidh an chomhairle in ann dul i dteagmháil leis na mic léinn, leis an bhfoireann teagaisc, leis an mbainistíocht agus le dreamanna nó eagraíochtaí eile sa scoil.
- Is é an múinteoir idirchaidrimh an té is mó a mbíonn baint aige/aici le bunú comhairle mac léinn i scoil ar bith, agus nuair a bhíonn sé seo déanta, eisean/ise is mó a thugann tacaíocht di. Caithfear struchtúr a chur ar fáil chun go mbeidh an múinteoir seo in ann dul i gcomhairle le daoine sinsearacha sa bhainistíocht chun go mbeifear in ann teacht ar chinntí go tapaidh. Tá sé tábhachtach go dtabharfar traenáil do na múinteoirí idirchaidrimh chun an obair seo a dhéanamh agus go mbeadh deiseanna líonraithe acu.
- Tá sé tábhachtach freisin go dtabharfaí traenáil do na comhairlí chun go mbeidh sé ar a gcumas gníomhú go héifeachtach, cruinnithe a reáchtáil, teacht ar chomhaontú faoi cheisteanna, gníomhaíochtaí a eagrú, fáil amach cén dearcadh atá ag daoine, tuairimí daoine a chur os comhair dhaoine eile, agus idirbheartaíocht a dhéanamh le lucht bainistíochta na scoileanna. Tabharfaidh an traenáil deis do bhaill na gcomhairlí caidreamh a bheith acu le chéile agus cairdeas a chothú eatarthu.
- Ba chóir naisc a chruthú idir na comhairlí agus eagraíochtaí eile sa scoil agus sa phobal. Mar shampla, ba chóir do choiste na dtuismitheoirí a bheith gníomhach ag tabhairt tacaíochta don chomhairle trí stocaireacht a dhéanamh ar a son agus trí chabhrú leo imeachtaí a eagrú. Ba chóir do na comhairlí naisc a chruthú le comhairlí eile den tsórt i scoileanna sa cheantar.

MOLTAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍS TACAÍOCHTA DO CHOMHAIRLÍ MAC LÉINN A BHUNÚ

- Ba mhaith an rud é seirbhís tacaíochta a bhunú a chabhródh le comhairlí mac léinn. D'fhéadfadh a leithéid de sheirbhís faisnéis agus acmhainní a chur ar fáil do chomhairlí atá ag feidhmiú cheana féin, do mhúinteoirí idirchaidrimh agus do scoileanna ar mhian leo comhairlí a bhunú. Dhéanfadh sé comhordú ar an tacaíocht atá á chur ar fáil ag seirbhísí éagsúla faoi láthair agus chuirfeadh sé traenáil ar fáil don scoil uile.
- Beidh tacaíocht ó bhainistíocht na scoile ag teastáil má tá comhairlí le feidhmiú go héifeachtach. Caithfidh siad dul i dteagmháil leo go rialta agus socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh am agus áit ag an gcomhairle dá cuid oibre sa scoil. D'fhéadfadh Seirbhís Tacaíochta Do Chomhairlí Mac Léinn cabhrú le stádas níos airde a thabhairt do na comhairlí i súile an lucht bainistíochta.
- Dá mbunófaí gréasán de chomhairlí mac léinn ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta agus dá ndéanfaí comhordú air, thabharfadh sé seo le fios do mhic léinn agus d'fhoirne teagaisc araon go raibh a gcomhairle féin mar chuid de phictiúr níos leithne. Chabhródh sé le comhairlí dul i dteagmháil le chéile agus chuirfeadh sé tacaíocht agus traenáil ar fáil do chomhairlí agus do mhúinteoirí idirchaidrimh.
- Chabhródh Seirbhís Tacaíochta Do Chomhairlí Mac Léinn le daoine teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
- Ba chóir cabhrú le bunscoileanna comhairlí mac léinn a bhunú freisin.